2026/2320

16.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2320 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Deireadh Fómhair 2026

maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine a cheapadh (EUSDI Murascaill na Guine) (EUSDI/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI Murascaill na Guine) a fheidhmiú, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta a cheapadh.

(2) An 4 Nollaig 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2472 ([2]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1599 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUSDI Murascaill na Guine ón 11 Nollaig 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(3) An 9 Nollaig 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2533 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid EUSDI Murascaill na Guine ón 11 Nollaig 2025 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2026.

(4) An 22 Meán Fómhair 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Paulo Antonio PEREIRA SOARES a cheapadh mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid EUSDI Murascaill na Guine ón 20 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2027.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Paulo Antonio PEREIRA SOARES a cheapadh mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid EUSDI Murascaill na Guine ón 20 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar Paulo Antonio PEREIRA SOARES mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI Murascaill na Guine) ón 20 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2027.

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1599/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/2472 ón gComhairle an 4 Nollaig 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1599 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (IO L, 2025/2472, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2472/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2025/2533 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 9 Nollaig 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI/3/2025) (IO L, 2025/2533, 11.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2533/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. FEENEY